An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Nóta Faisnéise le haghaidh na Meán:

## An tSraith Shóisearach Nuashonraithe Curaclam OSPS

Bealtaine 2023

# Clár an Ábhair

CLÁR AN ÁBHAIR ..... 2

COMHTHÉACS: ..... 1

AN CHÚIS LEIS AN ATHRÚ ..... 1

CÉN FÁTH A BHFUIL TÁBHACHT LE OSPS NA SRAITHE SÓISEARAÍ? ..... 2

CÉARD ATÁ DIFRIÚIL I GCURACLAM NUASHONRAITHE OSPS NA SRAITHE SÓISEARAÍ? ..... 2

PRÍOMHGHNÉITHE DEN CURACLAM NUASHONRAITHE ..... 3

PRÓISEAS FORBARTHA AN CHURACLAIM – CÉN CHAOI A N OIBRÍONN SÉ AGUS CÉ AIGE A BHFUIL TIONCHAR AIR? ..... 3

AN MÚINTEAR AN CURACLAM OSPS CÉANNA I NGACH SCOIL? ..... 4

CÉN CHAOI AR FÉIDIR LINN A CHINNTIÚ GO BHFUIL AN FHOGHLAIM AOISOIRIÚNACH? ..... 5

CÉN CHÉIM AG A BHFUIL FORBAIRT CURACLAIM OSPS NÍOS LEITHNE? ..... 5

NAISC ÁBHARTHA ..... 6

AGUISÍN: LÉARGAS GINEARÁLTA AR FHOGHLAIM IN OSPS NA SRAITHE SÓISEARAÍ ..... 7

Ceithre shnáithe OSPS na Sraithe Sóisearaí ..... 8

## Comhthéacs:

Rinne CNCM athbhreithniú cuimsitheach ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) in 2018 agus in 2019, eascraíodh moladh tábhachtach as an athbhreithniú céanna chun curaclam OSPS nuashonraithe a chruthú le haghaidh oideachas bunscoile agus oideachas iar bhunscoile. Is é foilsiú churaclam OSPS na Sraithe Sóisearaí nuashonraithe an chéad chuid den obair seo.

## An chúis leis an athrú

Is achoimre é an méid seo a leanas ar na cúiseanna le hathrú sa churaclam OSPS:

- níos mó fianaise ar na dúshláin atá roimh dhaoine óga le linn dóibh a bheith ag éirí aníos sa lá inniu, i dteannta leis an bhfianaise ar an tionchar tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag cláir oideachais sláinte atá bunaithe ar scoil maidir le tacaíocht a thabhairt d'fholláine shóisialta, mhothúchánach agus fhisiciúil na ndaoine óga.
- aiseolas cuimsitheach a bailíodh trí chomhairliúcháin le blianta beaga anuas inar roinn scoláirí, múinteoirí agus ceannairí scoile a dtaithí ar OSPS i scoileanna. Foilsítear na tuarascálacha comhairliúcháin ar www.ncca.ie agus léiríonn siad go soiléir treo an athraithe a theastaíonn chun Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte atá níos éifeachtúla a chur ar fáil do gach páiste agus do gach duine óg. Is iad seo a leanas na tuarascálacha a bhfuil ábharthacht faoi leith ag baint leo – An tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Chaidrimh agus ar Ghnéasacht i mBunscoileanna agus in iar bhunscoileanna (2019); an Cháipéis eolais agus an forléargas ar athfhorbairt OSPS na Sraithe Sóisearaí (2021); agus an Tuarascáil chomhairliúcháin ar an gcáipéis eolais agus ar an bhforléargas le haghaidh athfhorbairt OSPS na Sraithe Sóisearaí (2022).
- is léir go dtacaíonn an beartas náisiúnta le curaclam OSPS nuashonraithe a fhorbairt atá cuimsitheach, agus oiriúnach ó thaobh aoise agus céime de ar fud na mbunscoileanna agus na n iar-bhunscoileanna.[1]

[1] *Clár an Rialtais*, 2020; agus *Zero Tolerance, an Tríú Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile agus Inscnebhunaithe*, 2022.

## Cén fáth a bhfuil tábhacht le OSPS na Sraithe Sóisearaí?

Cuireann Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) suíomh sábháilte ar fáil sa seomra ranga inar féidir leis an scoláire plé a dhéanamh ar na gnéithe tábhachtacha dá shaol, suíomh inar féidir leis foghlaim faoi na gnéithe céanna. Is féidir leis an scoláire feasacht air féin agus ar dhaoine eile a chothú sa spás seo, chomh maith leis an tuiscint agus na scileanna a fhorbairt a theastaíonn uaidh chun saol sláintiúil a chothú, chun roghanna sláintiúla a dhéanamh agus chun caidrimh chomhbhácha agus mheasúla a chruthú.

Tá OSPS mar chrann taca ag Clár Folláine na Sraithe Sóisearaí sna hiar bhunscoileanna ar fad ó tharla go gcuidíonn sé leis an scoláire gníomhartha a shainaithint ionas go bhféadfaidh sé a fholláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chur chun cinn. Cothaíonn OSPS 6 tháscaire na Folláine ar fad – rud a chuireann ar chumas an scoláire a bheith níos gníomhaí, níos feasaí, níos ceangailte, níos freagraí agus a fhágann go bhfuil níos mó meas air agus go bhfuil níos mó teacht aniar ann.

## Céard atá difriúil i gcuraclam nuashonraithe OSPS na Sraithe Sóisearaí?

**Cur chuige comhtháite** – Thaispeáin An tAthbhreithniú ar OCG gur gá curaclam comhtháite a chruthú ina leagtar amach an fhoghlaim le haghaidh OSPS ar bhealach comhleanúnach agus cuimsitheach ón mbunscoil go dtí an iar bhunscoil. De réir dea chleachtas idirnáisiúnta, ciallaíonn cur chuige comhtháite go múintear Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) ar bhealach comhtháite ar feadh na bliana, agus go ndéantar é a chomhtháthú in OSPS seachas tabhairt faoi i sraith ceachtanna aonair

**Ábhar nuashonraithe** – Is iad taighde agus comhairliúcháin chuimsitheacha a dhéanann eolas do na hábhair atá sa churaclam nuashonraithe agus déanann siad cinnte go bhfuil deiseanna ag daoine óga chun páirt a ghlacadh i bhfoghlaim atá ábhartha lena riachtanais agus atá oiriúnach ó thaobh aoise agus céime de.
Ábhair shamplacha: scileanna cumarsáide agus éisteachta, féinmheas, féiníomhá agus féinaitheantas, steiréitíopaí inscne, tosca a mbíonn tionchar acu ar dhaoine óga agus iad ag déanamh cinntí sláintiúla, substaintí agus iompraíochtaí andúile, páirt a ghlacadh i gcúrsaí ar líne go sábháilte agus go freagrúil, caidrimh shláintiúla agus mhíshláintiúla, toiliú mar ghné de chaidrimh mheasúla, gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne, an chaoi chun mothúcháin a bhainistiú agus chun déileáil leis an mbrú a bhaineann le saol laethúil an déagóra, an chaoi chun iompraíocht dhrochídeach agus bhulaíochta a aithint agus an chaoi chun freagairt don iompraíocht chéanna agus an chaoi chun eolas cuí agus iontaofa a fháil, tacaíochtaí agus seirbhísí a bhaineann le sláinte/folláine.

**Leithdháileadh ama** – Dearadh an cúrsa OSPS seo le haghaidh 100 uair an chloig d'fhoghlaim sa seomra ranga le múineadh le linn trí bliana na sraithe sóisearaí.

## Príomhghnéithe den curaclam nuashonraithe

**Scoláire lárnaithe** – Tá Curaclam OSPS na Sraithe Sóisearaí bunaithe ar fhianaise agus tá sé fréamhaithe go dlúth i saol agus i riachtanais na ndaoine óga atá ag éirí aníos in Éirinn sa lá inniu, agus tá fócas ar thacaíocht a thabhairt dóibh agus iad ag déanamh a mbealaí trí na deiseanna agus trí na dúshláin a bhaineann leis an ógántacht.

**Ionchuimsitheacht** – Tugann an curaclam nuashonraithe tacaíocht do mhúinteoirí glacadh le cur chuige atá ionchuimsitheach i gcomhréir leis na prionsabail a ghabhann le comhionannas, cearta daonna agus freagrachtaí, *ceann a chuimsíonn gach inscne, gnéasacht, eitneacht, creideamh/dearcadh, aicme shóisialta agus cumas/míchumas* (Réasúnaíocht an Churaclaim, leathanach 2). Cinntíonn sé sin go bhfeicfidh gach scoláire é féin, a theaghlach agus a phobal léirithe ar fud na foghlama agus foghlaimeoidh sé luach na héagsúlachta agus chun meas a bheith aige ar an éagsúlacht mar ghné de bheatha an duine agus de ghnéasacht an duine.

**Béim ar scileanna a fhorbairt** – Tá béim mhór ar scileanna sóisialta agus mothúchánacha na ndaoine óga a fhorbairt, is iad sin féinfheasacht, féinbhainistíocht, cinnteoireacht fhreagrach, feasacht shóisialta agus scileanna caidrimh.

**Cur chuige dearfach** – Cuireann an cúrsa cur chuige dearfach chun cinn lena gcuimsítear níos mó ná na contúirtí a bhaineann le hiompraíochtaí nó le roghanna ar leith ach deimhníonn sé cumas na ndaoine óga chum cuimhneamh go criticiúil, chun amhras a chaitheamh ar noirm shóisialta agus chun machnamh a dhéanamh ionas go mbeidh siad in ann roghanna machnamhacha agus sláintiúla a dhéanamh agus chun eolas níos fearr a fháil ar an gcaoi a n imríonn na roghanna seo tionchar ar na daoine óga féin agus ar dhaoine eile.

**Soiléireacht na foghlama** – Cuireann an curaclam nuashonraithe soiléireacht níos fearr ar fáil do na múinteoirí maidir leis an méid a chaithfear a mhúineadh ar feadh na dtrí bliana de OSPS na sraithe sóisearaí. Tá na hábhair ainmnithe go sonrach laistigh de na Torthaí Foghlama anois go soiléir, agus leagtar amach an fhoghlaim riachtanach a gcaithfidh gach scoláire páirt a ghlacadh inti agus cuirtear solúbthacht ar fáil ag leibhéal na scoile chun freagairt do riachtanais shonracha an scoláire.

## Próiseas forbartha an churaclaim – cén chaoi a n oibríonn sé agus cé aige a bhfuil tionchar air?

Ach an oiread le gach obair churaclaim agus mheasúnaithe a dhéanann CNCM, déanann taighde cuimsitheach agus obair le scoileanna agus na páirtnéirí oideachais eolas d'athfhorbairt Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) na Sraithe Sóisearaí, agus chuathas i gcomhairle leis an bpobal ina leith go mór, agus i leith an dréachtchuraclaim freisin. Mínítear an cur chuige a chuir CNCM i bhfeidhm maidir le forbairt an churaclaim in íochtar.

**Taighde** – Is iad taighde cuimsitheach náisiúnta agus idirnáisiúnta, gealltanais atá leagtha amach i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta ar shínigh Éire iad, agus gealltanais atá leagtha amach i mbeartais agus i straitéisí Rialtas na hÉireann ar fad a dhéanann eolas d'obair forbartha an churaclaim.

**Obair le scoileanna agus le líonraí** – Cuireann scoileanna aiseolas tábhachtach ar fáil do CNCM maidir le smaointe agus cuir chuige a bhfuiltear ag déanamh machnamh orthu chomh maith le haiseolas a chur ar fáil faoi dhréachtchuraclaim.

**Comhairliúchán** – tá comhairliúchán mar phríomhghné den phróiseas a bhaineann leis an gcuraclam a fhorbairt agus úsáidtear roinnt modhanna i leith an chomhairliúcháin chun cur ar chumas gach duine cúnamh a chur ar fáil más mian leo. Déanann CNCM anailísiú ar agus tuairisciú faoi gach aiseolas a fhaightear trí chomhairliúchán agus cuireann CNCM machnamh cúramach agus domhain ar fáil maidir leis na torthaí agus a n impleachtaí le haghaidh an churaclaim/an chláir atá i gceist. Eascraíonn athruithe as comhairliúchán dá shórt, a dhéantar ar shonraíochtaí curaclaim sula gcuirtear i gcrích iad mar chomhairle don Aire. D'fhéadfadh go gcuimseofaí le samplaí d'athruithe dá leithéid, torthaí foghlama a leasú, a bhaint nó cur leis na torthaí foghlama; feabhas a chur ar theidil na snáitheanna; athbhreithniú a dhéanamh ar nádúr agus/nó ar líon na marcanna a thugtar do ghnéithe measúnaithe; agus téarmaíocht a athbhreithniú agus a nuashonrú chun soiléireacht níos fearr a bhaint amach. Léiríonn na hathruithe a dhéantar ar dhréachtchuraclaim an machnamh mór a dhéanann CNCM ar aiseolas an chomhairliúcháin.
Is ar aon dul le próisis churaclaim agus mheasúnaithe CNCM a rinneadh athruithe ar shonraíocht churaclaim OSPS na Sraithe Sóisearaí mar fhreagairt ar na príomhthorthaí atá leagtha amach sa tuarascáil fhoilsithe Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar churaclam OSPS na sraithe sóisearaí

Agus curaclam nuashonraithe á fhorbairt, cuirtear eolas amach maidir le comhairliúcháin trí www.ncca.ie agus leathanaigh mheán sóisialta CNCM (Twitter @NCCAie, Instagram @NCCA_irl agus Facebook @NCCA).

**Ionchur** is é ionchur bhaill na Comhairle, ionchur a trí bhord agus a trí Mheitheal Forbartha a chuireann foinse thábhachtach eile saineolais agus chomhairle ar fáil, maidir leis na cinntí deiridh faoin gcomhairliúchán a dhéanann an Chomhairle. Baineann baill na struchtúr ionadaíoch seo leas as taighde, as torthaí comhairliúcháin agus as obair le scoileanna agus le suíomhanna eile le linn dóibh a n ionchuir a chur i gcrích.

Foilsítear ballraíocht na Comhairle, na mBord agus na Meithleacha Forbartha ar shuíomh gréasáin CNCM ag Comhairle 2022 2026 | CNCM agus ag Boird agus Meithleacha Forbartha | CNCM. Chomh maith leis sin, foilsítear nótaí de Chruinnithe na Meithle Forbartha ábhartha ag Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) na Sraithe Sinsearaí... (cncm.ie) agus ag Folláine | CNCM.

## An múintear an curaclam OSPS céanna i ngach scoil?

Tá curaclam náisiúnta ann do na hábhair scoile ar fad, lena n áirítear OSPS a mhúintear i ngach bunscoil agus iar bhunscoil beag beann ar éiteas scoile ar leith. Cé go leagtar amach na hábhair sa churaclam OSPS atá le múineadh sna scoileanna, tá an tsaoirse ag na múinteoirí rogha a dhéanamh maidir leis na hacmhainní a úsáidfidh siad sa seomra ranga agus iad i mbun mhúineadh

an chúrsa. Agus iad ag déanamh a leithéid de chinntí, tá a fhios acu faoin ngá le hábhair a mhúineadh ar bhealach ina gcuirtear aois agus staid forbartha an scoláire san áireamh agus ina bhfreastalaítear ar a riachtanais.

## Cén chaoi ar féidir linn a chinntiú go bhfuil an fhoghlaim aoisoiriúnach?

Agus an curaclam á fhorbairt, caitear dua nach beag lena chinntiú go mbíonn an fhoghlaim aoisoiriúnach. Bunaítear cinntí i dtaca le nithe a chuimsítear sa churaclam ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar dhea chleachtas mar aon le comhairliúchán fairsing le tuismitheoirí/caomhnóirí, le múinteoirí agus leis na páistí/daoine óga féin.

Laistigh den seomra ranga, bíonn sé de sholúbthacht ag an múinteoir breithniú ar an gcaoi agus ar an uair ba cheart na topaicí a theagasc, le go mbíonn an fhoghlaim ag freastal ar riachtanais agus ar chéim an scoláire chomh maith le comhthéacs na scoile a léiriú.

## Cén chéim ag a bhfuil forbairt curaclaim OSPS níos leithne?

Thosaigh an obair maidir leis an gcuraclam OSPS a athfhorbairt leis an tsraith shóisearach. Beidh an curaclam nuashonraithe OSPS don tSraith Shóisearach ar fáil don scoláire sa chéad bhliain a bheidh ag dul isteach san oideachas iar bhunscoile i Meán Fómhair 2023.

Cuireadh tús le OSPS na Sraithe Sóisearaí agus Sinsearaí go deireanach in 2022. Beidh dréachtchuraclam OSPS don tsraith shinsearach ar fáil i gcomhair comhairliúchán poiblí ag deireadh na bliana 2023. Tá obair ar OSPS mar chuid d’athfhorbairt níos leithne an churaclaim iomláin ag leibhéal na sraithe sóisearaí. Beidh an fhoghlaim agus an teagasc maidir le OSPS mar chuid de réimse curaclaim na Folláine. Beidh dréachtsonraíocht Folláine le haghaidh bunscoileanna ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí in 2024.

De réir mar a fhorbrófar an curaclam, beidh deiseanna ann le haghaidh rannpháirtíochta leis na príomhpháirtithe leasmhara ar fad, agus beidh tuilleadh comhairliúchán poiblí ann chomh maith sula gcríochnófar na sonraíochtaí curaclaim nua le haghaidh OSPS na Bunscoile agus na Sraithe Sinsearaí.

## Naisc ábhartha

Téigh chuig an nasc a leanas chun curaclam nuashonraithe na sraithe sóisearaí a fheiceáil OSPS (curriculumonline.ie)


An Tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) i mBunscoileanna agus in Iar Bhunscoileanna (2019)

Cáipéis eolais agus treorach don athfhorbairt ar OSPS na Sraithe Sóisearaí (2021)
Tuarascáil chomhairliúcháin maidir leis an gcáipéis eolais agus an treoir d'athfhorbairt OSPS na Sraithe Sóisearaí (2022)

Tuarascáil ar an gcomhairliúchán ar dhréachtchuraclam OSPS na sraithe sóisearaí (2023)

Creatchuraclam na Bunscoile (2023)

## Aguisín: Léargas ginearálta ar fhoghlaim in OSPS na sraithe sóisearaí




Roinntear an fhoghlaim sa chúrsa nuashonraithe ina ceithre shnáithe agus leagtar amach foghlaim thábhachtach i ngach ceann don scoláire. Seo a leanas na snáitheanna:

- Mé féin agus daoine eile a thuiscint
- Roghanna sláintiúla a dhéanamh
- Caidreamh agus gnéasacht
- Folláine mhothúchánach

**Dírítear ar an méid seo a leanas sa teagasc agus san fhoghlaim in OSPS**

* **feasacht a fhorbairt** ionas gur féidir leis an scoláire tuiscint a fháil ar a smaointe féin, ar a mhothúcháin féin, ar a luachanna féin, ar a iompraíocht féin agus ar an gcaoi a bhfuil tionchar ag tosca difriúla orthu seo

* **dialóg mheasúil** a thugann deiseanna don scoláire réimse dearcthaí a chloisteáil agus a phlé agus chun a thuiscint a leathnú ar ábhair a bhaineann lena shaol féin

* **an scoláire ag déanamh machnamh** ar an méid a d'fhoghlaim sé agus é ag déanamh cinntí faoin gcaoi a bhféadfadh an fhoghlaim a bheith ina cabhair air ina shaol anois nó amach anseo.

## Ceithre shnáithe OSPS na Sraithe Sóisearaí

**Tuiscint a fháil orm féin agus ar dhaoine eile** – Is snáithe bunúsach é seo ó tharla go ndíríonn sé ar fhorbairt féinfheasachta agus féinmhuiníne agus ar thógáil roinnt de na bunscileanna agus meonta atá ag teastáil ó chaidrimh shláintiúla. Tá an snáithe seo ina chabhair ar an scoláire a láidreachtaí agus a luachanna pearsanta a shainaithint. Is ann a dhéantar iniúchadh ar réimse tionchar, ar fhéinmheas agus ar fhéiníomhá, ar fhéinaitheantas agus ar a gcinnteoireacht.

**Cinntí sláintiúla a dhéanamh** – Tá an snáithe seo bunaithe ar chúnamh a thabhairt don scoláire machnamh a dhéanamh ar conas roghanna sláintiúla a dhéanamh agus ar na tionchair ábhartha. Déanfaidh sé plé ar réimse gnéithe – bia, codladh, alcól agus réimse substaintí agus iompraíochtaí andúile eile, agus an saol ar líne ar ndóigh.

**Caidrimh agus gnéasacht** – Tá an príomhfhócas anseo ar chaidrimh shláintiúla agus mheasúla a chruthú agus a chothú. Déanfaidh an scoláire plé ar na comharthaí de chaidrimh shláintiúla, mhíshláintiúla agus de chaidrimh dhrochídeacha agus ar an gcaoi chun teorainneacha a leagan síos i gcaidrimh agus ar an gcaoi chun meas a léiriú ar theorainneacha daoine eile. Foghlaimeoidh sé faoin tábhacht a bhaineann le toiliú mar ghné de chaidrimh shláintiúla agus faoin gcaoi chun aire a thabhairt dá shláinte shíolraithe. Chomh maith leis sin, tá fócas ar chinnteoireacht fhreagrach agus ar iniúchadh a dhéanamh ar chuid den bhrú ar dhaoine óga le bheith gníomhach go gnéasach.

**Folláine mhothúchánach** – Tá an fócas sa snáithe seo ar scileanna, eolas agus straitéisí le dul i ngleic le deacrachtaí de chuid na ndaoine óga a fhorbairt chun cuidiú leo a mothúcháin a fhéinrialú, chun eolas a thabhairt dóibh aire a thabhairt dóibh féin agus chun cur in iúl dóibh cén áit le dul ann chun cabhair a fháil más gá. Is í an aidhm chun cur ar a gcumas a bheith in ann déileáil le cora mothúchánacha an tsaoil a bhaineann le saol an ghnáthdhéagóra.

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment